

# Nuachtlitir Choláiste Feirste

Teach Ard na bhFeá, 7 Páirc Radharc na bhFeá, An Ceathrú Gaeltachta, Béal Feirste BT12 7PY  
Fón: 028 9032 0707 Fács: 028 9032 4301 Suíomh gréasáí: [www.coláistefeirste.com](http://www.coláistefeirste.com)

## Lá cinniúnach don Ghaeilge agus d'earnáil na Gaelscolaíochta



Education minister John O'Dowd has announced that the Department of Education is to make £11.9 million available for a capital building programme in Coláiste Feirste. Spórtlann na hÉireann- the schools pioneering sports facility can now go ahead as well as a new teaching block to cater for the schools burgeoning population. This issue of the Nuachtlitir has focused on the successful year we have had in Gaelic Games competitions and with the right facilities Coláiste Feirste athletes can look forward to more success in the future.

Tá bláth ag teacht faoin Ghaeloideachas agus is iontach go bhfuil an Roinn Oideachais ag tabhairt an aitheantais chuí don dul chun cinn iontach atá déanta ag leibhéal na hiarbhunscolaíochta tríd an infheistiú seo a dhéanamh i gColáiste Feirste. Bhí Coláiste Feirste sa dara háit i measc meánscoileanna Bhéal Feirste de réir iniúchadh cuimsitheach a rinne an BELB ar scoileanna na cathrach agus is léir ón fhógra a rinne an tAire inniu go bhfuil muinín ag an roinn sa scothoideachas atá ar fáil sa choláiste. Tháinig Máire Mhic Giolla Íosa chun cuairte ar an scoil le 40 bliain ó bunaíodh an chéad bhunscoil i mBéal Feirste a cheiliúradh agus is iontach go bhfuil an bhliain is fiche de Choláiste Feirste á cheiliúradh le foirgneamh nua agus Spórtlann den scoth.



## Corn Uí Nualáin

Coláiste Feirste's senior footballers made history this year when they won the school's first ever senior Ulster Colleges title, The Nolan Cup, defeating teams from Tyrone, Down, Derry and Antrim. The seniors then represented the school on the national stage in the All-Ireland senior colleges' football championship where they came up short against Munster Champions Doon CBS.

Bhí buanna iontacha ag an scoil in éadan scoileanna le trádisiúin láidre ó Thír Eoghain (St Josephs Donaghmore), An Dún (De La Salle Downpatrick) Doire (Lumen Christi) agus (Loretto College Coleraine) chomh maith. Bhí bua iontach acu in éadan Aquinas sa chluiche ceannais i bpáirc Mhic Ásmaint. Briseadh croíthe na mbuachaillí minic go leor le blianta beaga anuas i gcluichí ceannais agus leath-cheannais Uladh agus bhí siad tiománta chun cinntiú nár chaill siad an deis ar an bhliain dheireannach s'acu ar Choláiste Feirste. Nach luachmhar na seacht mbliana ag na buachaillí agus bhain siad an Talamh Naofa amach nuair a thóg siad Corn Uí Nualáin ar sheachtain na Féile Pádraig.

# Gradam 'All-Star' sinsearach ag na Feirstigh!

Coláiste Feirste senior hurler Niall Mac Cionnaith achieved the ultimate accolade for any GAA scholar-athlete when he was awarded Ulster Colleges Senior Hurling All-Star status along with the cream of Ulster schools senior hurlers.

Bhí bliain den scoth ag iománaithe sinsearacha na scoile ag baint an ghrúpa s'acu sa 'Casement Cup' ach bhí drochádú orthu i gcluiche leath cheannais Uladh nuair a chaill siad le cúlín in éadan La Salle. Bhain Niall Mac Cionnaith áit amach ar fhoireann Scothréalta Uladh le himreoirí ó scoileanna ar nós Naomh Pádraig Machaire Ratha, Scoil Mhuire, Baile an Chaistil. Éacht iontach amach is amach do Choláiste Feirste agus do Niall- an 2ú All-Star ariamh don scoil i ndiaidh Eoin Uí Néill in 2006.



## Corn Rehill

Coláiste Feirste Year 9 Hurlers lifted the Ulster Colleges Rehill Cup, defeating Abbey CBS Newry in a closely fought final.

Bhí bliain iontach sa Choláiste maidir le cluichí Gaelacha i mbliana agus rinne lucht bhliain 9 cinnte go mbeidh cúrsaí CLG sláintiúil sa scoil sna blianta atá romhainn nuair a thóg siad craobh Iomána Uladh. Is foireann den scoth iad agus tá súil againn go leanann siad leo ag léiriú ceannaireachta mar ambasadóirí de chuid na scoile fud fad chuige Uladh agus le cuidiú Dé, fud fad na hÉireann.

## Corn Tommy Moore sa Choláiste

All-Ireland club winner with Loughuile Shamrocks and Man of the Match Liam Watson called in to Coláiste Feirste to visit our victorious Year 9 Ulster Hurling Championship winning team and he brought the Tommy Moore Cup along with him for the day.

Tháinig Liam Watson chun na scoile ar cuairt agus bhuail sé le hiománaithe rathúla na scoile. D'inis na buachaillí do Liam faoin fhoireann iontach atá acu agus d'inis Liam scéalta na bliana faoi thuras iontach Loughuile a fhad le Páirc an Chrócaigh.



## Garaí Ó Lionnáin BT Captains Night

Coláiste Feirste Senior Football Captain Garaí Ó Lionnáin was rewarded for his great leadership on the field during Coláiste Feirste's historic year at the BT Captains' night in the Hilton Hotel.

Bhí oíche den scoth ag Garaí, a theaghlach, Príomhoide agus múinteoirí spóirt na scoile ag an BT Captains' Evening sa Hilton. Tugadh duais speisialta do Gharáí mar gheall ar a chuid éachtanna ar an pháirc mar chaptaen Choláiste Feirste, an chéad chaptaen ariamh ag an scoil chun Corn Sinsearach Uladh a thógáil agus chun foireann scoile a ghlacadh amach ar an pháirc i gcrabhadh na hÉireann. Bhí Garaí ina cheannaire iontach don Choláiste agus bhí an duais seo tuilte go maith aige. Maith thú a Gharáí!

## Coláiste Feirste i bParlús an Árdmhéara

Coláiste Feirste's senior footballers were invited to City Hall by former pupil and Lord Mayor Niall Ó Donnghaile for a special reception in recognition of their sporting achievements this year.

Bhí oíche den scoth ag an fhoireann i bparlús an Árdmhéara áit ar labhair Niall Ó Donnghaile leo faoin saol s'aige ar Choláiste Feirste agus faoin chluiche cheannais a d'imir an scoil i mbliana i bPáirc Mhic Asmáint.



# Spórtlann Michael Mhoir



## Na Laochra - fir agus mná - Abú!

The boys under 17 football team has been taking part in the Gaeltacht 7 a side competition for the last number of years. This year marked another step forward for Gaelic Games in the school when Coláiste Feirste and Laochra Loch Laoi were able to field a ladies team for the first time in this competition. A great time was had by all who participated.

## An Iodáil

The History and Geography Departments organised a trip to Rome and Sorrento this year and while it was the first time that it snowed in Rome for nearly 30 years the students and teachers had a great time!

I Mí Feabhra na bliana seo thug scaifte daltaí ón Choláiste aghaidh ar an Iodáil. Chaith siad dhá oíche sa Róimh, áit a ndeachaigh siad ar cuairt chuig

neart suíomhanna stairiúla ar nós an Colosseum, Forum, Pantheon agus Scairdeán Trevi. Bhí deis againn bualadh isteach chuig Coláiste na nGael fosta agus thug an tAth Mac Giolla Pádraig turas treoraithe dúinn as Gaeilge. Sular lean muid ar aghaidh go Sorrento, thug muid cuairt ar Chathair na Vatacáine ina raibh iarsmalanna na Vatacáine agus Baisleac Pheadair. Bhí an sneachta ag titim go tiubh agus muid ag taisteal chuig an chósta ach níor chuir seo isteach mórán ar chursaí.

Rinne muid turas thart ar chósta Amalfi agus thug muid cuairt a agus stop muid ag sráidbhailte beaga ar nós Positano, Ravello agus Salerno. Bhí tráth na gceist agus dioscó le freastal orthu san oíche agus bhain na daltaí an-sult as agus iad ag léiriú na ngluaiseachtaí s'acu.

Ar deireadh chuaigh muid go feirm; áit ar thaispeán bean an tí dúinn an dóigh chun Mozzarella a dhéanamh agus rinne muid uilig Pizza dár gcuid féin. Roimh philleadh go Béal Feirste, stop muid i Pompeii agus bhí Vesuvius le feiceáil sa chúla. Is mór an

dílís dá dteanga. Bhí tallan ar leith againn ar an pháirc peile, ach ar an droch-uair, bhí níos mó taithí ag na foirne eile agus níor éirigh linn an cluiche ceannais a bhaint amach.

Níor chuir seo isteach ar ár gcailíní, tá rún acu níos mó traenála a dhéanamh i mbliana agus dul ar ais ar an bhliain seo chugainn chun an chomórtas a bhaint! Ba bhreá linn daoine eile a mhealladh chuig an chomórtas linn, coinnigí súil amach d'amanna treanála i mí Mheán an Fómhair!  
Na Laochra Abú!!  
Mary Grieve

tairbhe ar bhain na daltaí as an eispéireas agus tá sé de rún againn turas Tíreolaíochta/Staire eile a reachtáil go luath amach anseo.

Brónach Uí Mhurchú



## Foireann Airíoch

We continue with our series of stories about the non-teaching staff in Coláiste

Feirste who keep the school running smoothly. Whether it's helping the students cross the busy Falls Road or finding a school bag that has been lost, the school's "action men" are always where the need is greatest!

Ní dócha go mbeadh Coláiste Feirste ábalta feidhmiú mar is ceart gan obair chrua Jamsey Uí Mhuireagáin agus Chiaráin Uí Fhearaigh. Bíonn siad i gcónaí ar fáil nuair atá siad de dhíth- bíodh sin ag bun na sráide

leis an líreacán nó ag cuidiú le múinteoir trealamh a bhogadh ó áit go háit. Bíonn siad ar na chéad daoine anseo ar maidin agus cuireann siad an scoil faoi ghlas san oíche. Coinníonn siad súil ghéar ar na daltaí i rith an ama agus bíonn teachtaireacht uathu má bhíonn deacracht ag dalta amuigh sa chlós. Má bhíonn táblaí le bogadh sa halla nó taispeántas le cur in airde bíonn siad i gcónaí réidh le dul isteach sa bhearna bhaoil. Táimid uilig iontach buíoch as a gcuid iarrachtaí le scothscoil a bhunú anseo ar chnoc Ard na bhFeá!

## Tionscnamh le scoileanna na hAlban

Coláiste Feirste took part in the Parasite Project with Gaelscoil Éanna, Gaelic Language schools from Scotland and a school from the rift valley in Kenya. The focus of the work was on highlighting issues of sectarianism. Students exchanged project folders and in June students from Glasgow came to visit Belfast- where they showed off their Shinty skills!

Bhain 8B tairbhe nach beag as a ranganna saoránachta chun tionscnamh ar an seicteachas a chur le cheile i gcomhpháirtneireacht le scoileanna as Albain agus as Céinia. Seoladh na tionscnaimh dhifriúla ó na scoileanna éagsúla go hAlbain agus foilsíodh i leabhrán iad. Chuir daltaí Choláiste Feirste fáilte roimh dhaltaí Ghaelscoil Éanna agus roimh dhaltaí Ghlaschú ag tionól speisialta sa scoil. I ndiaidh chur i láthair a dhéanamh, chan daltaí na Gaelscoile roinnt amhrán agus ansin thug an dream uilig aghaidh ar an chlós, áit a raibh imreoirí peile agus iomána na scoile ag fanacht orthu. Bhí comórtas poc fada idir na scoileanna agus bhí iontas ar

dhaltaí an Choláiste go raibh scileanna maithe ag a gcomhghleacaithe Albanacha leis an chamán- ar ndóigh bhí taithí ag cuid acu fríd a bheith ag imirt "camanachd"- iománaíocht na hAlban! Bhain an dá dhream an-sult as an eispéireas agus táimid ag súil le turas chun na hAlban a eagrú ar an bhliain seo chugainn.





## Gaeltacht, Grian agus Greann do dhaltaí Choláiste Feirste

Year 8 and Year 10 students attended 3 day Gaeltacht visits to Machaire Rabhartaigh this June. The students had a wonderful time and were inspired by their visit. For some of them it was the first time that they were in a Gaeltacht area and it provided them with the opportunity to hear Irish being spoken in a natural and fluent way- I'm sure a lot of them will be back. Year 8 student Conor Torbóid described his visit.

Ar an dara lá déag de mhí Meithimh chuaigh lucht na chéad bhliana go dtí an Ghaelacht. Machaire Rabhartaigh a bhí ann. Bhí craic mhaith againn ar an bhealach ar an bhus. Stop muid leath bhealaigh i Leitir Ceanainn. Bhí McDonald's againn agus cheannaigh cúpla duine rudaí ón tsiopa. Bhí rudaí ar fáil cosúil le brat na hÉireann, cluaisíní agus rudaí beaga eile mar sin leis an Chraobh Eorpach ar siúl.

Nuair a bhain muid an Choláiste amach chuir Cathal muid inár dtithe. Bhí deichniúr i dteach s'agamsa. Bhí bean an tí iontach deas agus cinéalta linn. Bhí madadh againn freisin. An oíche sin bhí siúlóid ar an trá againn. Bhí spórt agus spraoi againn leis na múinteoirí. Ina dhiaidh sin bhí 'tráth na gceist' againn, bhí Rian ag cumadh ceisteanna greannhara agus sa deireadh thiar thall bhí an bua ag grúpa Pheadair.

An lá ina dhiaidh sin bhí ranganna againn. Bhí ranganna spóirt, damhsa, canadh agus cluichí ann. I ndiaidh na ranganna, bhí an chéad lón blasta ollmhór againn agus leis na boilg líonta chuaigh muid ag dreapadh ar Cnoc na Naormh. Tá cúpla nach ndeachaigh in airde ar an rud ar fad! Mar sin de, chaill siad an dá scéal suimiúil a bhí ag Peadar faoin chnoc agus an sliabhraon. Bhain muid an-sult agus tairbhe as an seal a chaith muid i Machaire Rabhartaigh. Tá sé ar intinn agam filleadh gan mhoill.  
Conor Torbóid 8C

## Le chéile Trí Chultúr

Students from Coláiste Feirste and students from state schools took part in the Together Through Culture project that aimed to raise awareness of shared Irish Culture through the study of Placenames, Surnames and the influence that the Irish language has on the type of English that we speak here.

Idir an Cháisc agus deireadh Mí Bealtaine ghlac daltaí 8B páirt sa scéim "Le Chéile Trí Chultúr". Ba scéim í seo a rinne iarracht coincheapanna bréagacha faoin Ghaeilge atá le sonrú go forleathan sa phobal, a scrios. Ba scéim phiolótach é agus d'fhoghlaim daltaí an Choláiste agus daltaí scoileanna stáit an Tuaiscirt faoi logainmneacha, sloinntí, agus an tionchar atá ag an Ghaeilge ar Bhéarla na hÉireann. Rinneadh an scéim a láinseáil i Halla na Cathrach ar

an chéad lá de mhí an Mheithimh, an lá a d'éirigh Niall Ó Donnghaile as mar Ard-Mhéara na cathrach. Chuir daltaí Choláiste Feirste taispeántas drámaíochta ar fáil ag léiriú an mhéad ar fhoghlaim siad le linn na dtionscadal. Thug Tomaí Ó Conghaile ón BBC turas treoraithe de Halla na Cathrach do na daltaí trí mhéan na Gaeilge- rud a thaitin go mór leo.

Rian Ó Dúill



## Tuismitheoirí agus Scoileanna Sínte

The Extended Schools programme in Coláiste Feirste has gone from strength to strength in recent years. A 5% increase in funding was secured this year which will ensure programmes for parents and students alike take place. A big thank you is due to all of our funders including Foras na Gaeilge, Healthy Minds, Big Lottery Fund and Extended Schools.

Ghlac scaifte mór tuismitheoirí páirt i gceardlann eagraithe ag PIPS mar chuid de chlár scoileanna sínte na scoile. Cuireadh treanail ar fáil dóibh maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an fhéinbhás- saincheist atá go mór le sonrú inár bpobal. Mhóthaigh na tuismitheoirí go raibh fiúntas ar leith ag baint leis an imeacht seo agus beimid ag súil le tuilleadh imeachtaí a eagrú do thuismitheoirí ar an bhliain seo chugainn.

## Duais Ealaíne

Coláiste Feirste students again played their part in developing our community by taking part in a competition to design a poster about drugs to launch a Falls Community Council initiative to reduce drug abuse in the area.

D'éirigh le triúir dalta GCSE, £50 an duine a bhaint i gcomórtas Ealaíne. Bhailigh siad na duaiseanna ag ócáid speisialta ar Chnoc an Anfa an téarma seo chuaigh thart. 'Bin It' an t-ainm a bhí ar an chomórtas a d'eagraigh Comhairle Phobail na bhFál. Tionscnamh nua atá i gceist agus beidh bosca bruascair ar leith ann sa phobal le haghaidh drugaí. Bhí ar na daltaí postaer a dhearadh bunaithe ar an tionscnamh sin. Maith iad!  
Róisín Nic Giolla Bhríde

## Focal ón Eagarthóir

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine a chuidigh leis an eagrán seo den Nuachtlitir a fhoilsiú, na daoine a scríobh alt, Emer Mhic an Fhailí, Máirtín Mac Gabhann agus Scoileanna Sínte as an mhaoiniú.

Diarmaid Ua Bruadair